



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 16 Bealtaine 2024
(OR. en)

9481/1/24
REV 1
PV CONS 20
AGRI 387
PECHE 168

DRÉACHT-MHIONTUAIRISCÍ
COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH
(**Talmhaíocht agus Iascach**)
29 Aibreán 2024

1. Glacadh an chláir oibre

Ghlac an Chomhairle an clár oibre a leagtar amach in 9060/24.

2. Formheas na míreanna ‘A’

(a) Liosta neamhreachtach 9061/24

Ghlac an Chomhairle gach mír ‘A’ a liostaítear sa doiciméad thuas, lena n-áirítear gach doiciméad teanga COR agus REV a tiolacadh lena nglacadh.

Leagtar amach na ráitis a ghabhann leis na míreanna sin san Iarscríbhinn agus san Aguisín chomh maith.

(b) Liosta reachtach (Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach) 9062/24

Talmhaíocht

1. Treoir lena leasaítear roinnt Treoracha Bricfeasta



8836/24

Glacadh an ghnímh reachtaigh

PE-CONS 25/24

a d’fhormheas CST an 22 Aibreán 2024

AGRI

D’fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh beartaithe de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (bunús dlí: Airteagal 43(2) CFAE).

An Margadh Inmheánach agus an Tionsclaíocht

2. Treoir maidir leis na spriocdhátaí chun caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta a ghlacadh le haghaidh earnálacha áirithe agus gnóthais áirithe tríú tír



8828/24

Glacadh an ghnímh reachtaigh

PE-CONS 28/24

a d’fhormheas Coreper, Cuid 1, an 26 Aibreán 2024

DRS

D’fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh beartaithe, de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, staon an Ungáir ón vótáil (bunús dlí: Airteagal 50(1) CFAE).

Teileachumarsáid

3. An Gníomh um bonneagar gigighiotáin

Glacadh an ghnímh reachtaigh

a d'fhorghas Coreper, Cuid 1, an 26 Aibreán 2024



9077/24

PE-CONS 55/24

TELECOM

D'fhorghas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh beartaithe de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (bunús dlí: Airteagal 114 CFAE).

Ceartas agus Gnóthaí Baile

4. Rialachán lena leasaítear an Rialachán

Eatramhach (AE) 2021/1232 maidir le mí-úsáid ghnéasach leanaí

Glacadh an ghnímh reachtaigh

a d'fhorghas Coreper, Cuid 2, an 24 Aibreán 2024



8880/24

PE-CONS 52/24

JAI

D'fhorghas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh beartaithe de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (bunús dlí: Airteagail 16(2) agus 114(1) CFAE).

Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais

5. Rialachán maidir le beartais eacnamaíocha agus faireachas buiséadach iltaobhach a chomhordú go héifeachtach

Glacadh an ghnímh reachtaigh

a d'fhorghas Coreper, Cuid 1, an 26 Aibreán 2024



8967/24 + ADD 1

PE-CONS 51/24

ECOFIN

D'fhorghas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh beartaithe, de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, staon an Bheilg ón vótáil (bunús dlí: Airteagal 121(6) CFAE).

Leagtar amach na ráitis a ghabhann leis an mír seo san Iarscríbhinn.

6. Rialachán maidir le dlús a chur le cur chun feidhme an nós imeachta um easnamh iomarcach agus soiléiriú a dhéanamh air

Glacadh

a d'fhorghas Coreper, Cuid 1, an 26 Aibreán 2024



8687/24

6919/24

ECOFIN

Ghlac an Chomhairle an Rialachán ón gComhairle mar a chuir na saineolaithe dlí agus teanga bailchríoch air mar a leagtar amach in 6919/24 é (bunús dlí: Airteagal 126(14), an dara fomhír CFAE).

Gníomhaíochtaí neamhrechtacha

- | | | |
|----|---|---------|
| 3. | Freagairtí gasta struchtúracha ar an ngéarchéim reatha in earnáil na talmhaíochta: obair leantach ar na treochláir
<i>Faisnéis ón Uachtaránacht agus ón gCoimisiún</i>
<i>Seisiún tuairimíochta</i> | 9197/24 |
| 4. | Saincheisteanna talmhaíochta a bhaineann le trádáil
<i>Faisnéis ón gCoimisiún</i>
<i>Seisiún tuairimíochta</i> | 9285/24 |
| 5. | Tuarascálacha bliantúla ar fheidhmíocht faoi CBT
<i>Faisnéis ón gCoimisiún</i>
<i>Seisiún tuairimíochta</i> | 9087/24 |

Aon ghnó eile

6. Talmhaíocht

- | | | |
|-----|--|---|
| (a) | Méadú ar státhabhair <i>de minimis</i> sa talmhaíocht, san iascach agus sa dobharshaothrú
<i>Faisnéis ó thoscaireacht na Gearmáine, thar ceann thoscaireachtaí na Bulgáire, na Cipire, na Cróite, na hEastóine, na Fraince, na Gearmáine, na Laitvia, Lucsamburg, Mhálta, na hOstaire, na Polainne, na Rómáine, na Slóivéine, na Slóvaice agus na hUngáire</i> | 9320/24 |
| (b) | Ní mór an bithgheilleagar a bheith i gcroílár an chéad chláir oibre eile de chuid an Choimisiúin Eorpaigh
<i>Faisnéis ó thoscaireacht na Fionlainne, thar ceann thoscaireachtaí na hOstaire, na Fionlainne, na Slóivéine agus na Sualainne, le tacaíocht ó thoscaireachtaí na Bulgáire, na Seice, na hEastóine, na hUngáire, na hÉireann, na hIodáile, na Laitvia, na Liotuáine, na Polainne, na Portaingéile, na Rómáine agus na Slóvaice</i> |  9098/1/24 REV 1 |

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Fhionlainn ar fáil, thar ceann na hOstaire, na Fionlainne, na Slóivéine agus na Sualainne, le tacaíocht ón mBulgáir, ó Phoblacht na Seice, ón Eastóin, ón Ungáir, ó Éirinn, ón Iodáil, ón Laitvia, ón Liotuáin, ón bPolainn, ón bPortaingéil, ón Rómáin agus ón tSlóvaic, maidir le ról an bithgheilleagair inbhuanaithe foraoise. Thug an Chomhairle dá haire freisin na barúlacha a thug toscaireachtaí eile maidir leis an ábhar sin, chomh maith leis an idirghabháil ón gCoimisiún.

Iascach

- (c) **Fadhbanna le cur chun feidhme fhorálacha**
Airteagal 14 den Rialachán um Rialú ar Iascach
maidir leis an gcorrlach lamháltais ceadaithe san
iascach peiligeach

 9251/24

Faisnéis ó thoscaireachtaí na hEastóine agus na Liotuáine

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Laitvia agus an Liotuáin ar fáil maidir leis na fadhbanna a bhaineann le cur chun feidhme fhoráil Airteagal 14 den Rialachán um Rialú ar Iascach maidir leis an gcorrlach lamháltais ceadaithe (MOT) in iascach peiligeach, chomh maith leis na barúlacha a thug toscaireachtaí eile agus an Coimisiún.

-
-  An chéad léamh
 -  Mír atá bunaithe ar thogra ón gCoimisiún
 -  Nós imeachta reachtach speisialta
 -  Plé poiblí arna mholadh ag an Uachtaránacht (Airteagal 8(2) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle)
-

Ráitis a ghabhann leis an mír neamhreachtach ‘A’ a leagtar amach in 9061/24

Maidir le mír 12 ar liosta na míreanna ‘A’:

Comhlacht eitice idirinstiúideach
Formheas

RÁITEAS ÓN gCOMHAIRLE

- ‘1. Le nósanna imeachta inmheánacha na Comhairle maidir le hionadaí na Comhairle a cheapadh sa Chomhlacht Idirinstiúideach um Chaighdeáin Eiticiúla, chomh maith leis na seasaimh a bheidh le cur in iúl aige/aici, áiritheofar rannpháirtíocht iomlán chuiditheach na Comhairle i bhfeidhmiú chúraimí an Chomhlachta, agus é á chur san áireamh go cuí go bhfuil ionadaithe gach Ballstáit ar leibhéal aireachta a fhéadfaidh a rialtas a thiomnú agus a vóta a chaitheamh, faoi cheangal ag a rialacha náisiúnta faoi seach maidir le hiompar eiticiúil agus ní ag na caighdeáin eiticiúla atá le forbairt ag an gComhlacht.
2. Déanfaidh Uachtaránacht na Comhairle ionadaíocht ar an gComhairle sa Chomhlacht. I gcomhréir le hAirteagal 20(2) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle¹, beidh an t-ionadaí malartach mar ionadaí ag an gcéad Bhallstát eile a mbeidh an Uachtaránacht aige.
3. Tabharfaidh Ardrúnaíocht na Comhairle cúnamh d’ionadaí na Comhairle agus dá hionadaí malartach sa Chomhlacht.’

RÁITEAS ÓN gCOMHAIRLE

‘Is díol sásaimh don Chomhairle tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe lena mbunaítear Comhlacht Idirinstiúideach um Chaighdeáin Eiticiúla (‘an Comhlacht’), atá le rannchuidiú le cultúr coiteann eitice agus trédhearcachta a chur chun cinn, go háirithe trí íoschaighdeáin chomhchoiteanna a fhorbairt maidir le hiompar chomhaltaí na n-institiúidí agus na gcomhlachtaí comhairleacha a luaitear in Airteagal 13 CAE agus trí mhalartú dea-chleachtas maidir leis an ábhar sin a chothú.

De réir Airteagal 16(2) CAE, tá an Chomhairle comhdhéanta d’ionadaithe ó gach Ballstát ar leibhéal na n-airí, a fhéadfaidh a rialtas a thiomnú agus a vóta a chaitheamh. Tá na hionadaithe sin faoi réir a rialacha náisiúnta faoi seach maidir le hiompar eiticiúil, lena n-áirítear le linn dóibh a bhfeidhmeanna mar chomhalta nó mar Uachtaránacht ar an gComhairle a fheidhmiú, agus, dá bhrí sin, ní féidir leo a bheith faoi réir na gcaighdeán eiticiúil a bheidh le forbairt ag an gComhlacht.

¹ Léitear Airteagal 20(2) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle mar seo a leanas: ‘*Gan dochar d’fhorálacha Airteagal 19(4) go (6) ná dá cumhachtaí ná dá freagracht pholaitiúil fhoriomlán, gheobhaidh an Uachtaránacht sé mhí cúnamh i gcomhlíonadh a freagrachtaí uile ó bhaill eile an ghrúpa réamhbhunaithe de trí Bhallstát dá dtagraítear in Airteagal 1(4) ar bhonn an chláir 18 mí nó de bhun socrúithe eile arna gcomhaontú eatarthu. I gcás inar iomchuí, gheobhaidh an Uachtaránacht cúnamh ó ionadaí an Bhallstáit a mbeidh an chéad Uachtaránacht eile freisin.. Arna iarraidh sin don Uachtaránacht agus ag gníomhú dó de réir a treoracha, tiocfaidh an t-ionadaí sin nó comhalta den ghrúpa sin ina hionad, de réir mar is gá agus nuair is gá, saorfaidh sé ó chúraimí áirithe í, i gcás inar gá, agus áiritheoidh sé leanúnachas imeachtaí na Comhairle’*

Athdhearbhaíonn an Chomhairle a tiomantas láidir do phrionsabal an chomhair dhílis, a chumhdaítear in Airteagal 4 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, mar a léirmhíníonn Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh é.

Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir nach mór saoránaigh an Aontais a bheith in ann muinín a bheith acu go bhfuil aon duine a fheidhmíonn sainordú in institiúid nó comhlacht comhairleach de chuid an Aontais faoi cheangal ag rialacha láidre maidir le hiompar eiticiúil, ina fheidhmeanna nó ina feidhmeanna uile de chuid an Aontais Eorpaigh. Chuige sin, liostaítear Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála, lena n-áirítear ina fheidhm nó ina feidhm mar Uachtarán na Comhairle Gnóthaí Eachtracha, i measc chomhaltaí na bpáirtithe mar a shainítear in Airteagal 2 den Chomhaontú.

I bhfianaise an mhéid sin, tá an Chomhairle tiomanta páirt a ghlacadh go hiomlán sa phlé agus sna cinntí atá le glacadh ag an gComhlacht agus rannchuidiú go cuiditheach le híoschaighdeáin choiteanna a mhúnlú, agus aird chuí á tabhairt ar shainiúlachtaí agus ar shrianta dlíthiúla na Comhairle a eascraíonn as na Conarthaí. Athdhearbhaíonn an Chomhairle go n-áiríteoidh a nósanna imeachta inmheánacha ionadaíocht agus rannpháirtíocht leordhóthanach na Comhairle sa Chomhlacht.’

Ráitis a ghabhann leis an mír reachtach ‘A’ a leagtar amach in 9062/24

Maidir le mír 5 ar liosta na míreanna ‘A’:

Rialachán maidir le beartais eacnamaíocha agus faireachas buiséadach iltaobhach a chomhordú go héifeachtach
Glacadh an ghnímh reachtaigh

RÁITEAS ÓN mBEILG

- ‘1. Le linn na gcéimeanna éagsúla den chaibidlíocht maidir leis an athchóiriú ar an gcreat rialachais eacnamaíoch, níorbh fhéidir le húdaráis na Beilge seasamh náisiúnta a chinneadh.
2. In ainneoin nach raibh seasamh náisiúnta aici, d’imir an Bheilg a ról mar Uachtarán ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh ar bhealach cuiditheach.
3. Roimh ghlacadh críochnaitheach na ngníomhartha reachtacha, tháinig údaráis na Beilge le chéile chun an cás a phlé arís. Is é an toradh atá ar an bplé sin, in éagmais seasamh críochnaitheach, nach gcuirfidh an Bheilg a tuairim in iúl cé acu ar son nó in éadan ghlacadh an phacáiste reachtaigh atá sí.’

RÁITEAS ÓN UNGÁIR

‘Tugann an Ungáir dá haire an comhaontú idir an Uachtaránacht agus Parlaimint na hEorpa maidir le téacs an Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le beartais eacnamaíocha agus faireachas buiséadach iltaobhach a chomhordú go héifeachtach agus lena n- aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle (2023/0138 (COD)).

Measaimid, áfach, nach bhfuil bonn cirt dlí leis an tagairt don ‘Creat um Chóineasú Sóisialta’ mar a leagtar síos in Aithris 8, chomh maith leis an tagairt don ‘creat chun rioscaí don chóineasú sóisialta a shainaithint’ mar a leagtar síos in Airteagal 3, Mír 3(b). Is léir go dtagraíonn foirmliú an phríomhthéacs don Chreat um Chóineasú Sóisialta, nach uirlis anailiseach fhormheasta é faoi láthair agus nach bhfuil aon chúlra dlíthiúil aige. Is réamhbhreith mhíchuí ar chinntí a dhéanfaidh an Chomhairle amach anseo aon tagairt dó i Rialachán.’